

# Cód Iompar Gaelcholáiste Reachrann:

## 1. Bunphrionsabail

Is iad na bunspríocanna atá ag an gCód Iompar ná;

- Atmaisféar a chruthú a spreagann agus a threisiónn dea-iompar
- Timpeallacht dhearfach shábháilte a chruthú don teagasc agus don fhoghlaim
- Daltaí a spreagadh le freagracht phearsanta a ghlacadh as a bhfoghlaim agus a n-iompar
- Cabhrú le daoine óga forbairt mar shaoránaigh fhreagracha rannpháirteacha
- Caidrimh dhearfacha chomh-mhuiníne agus chomhthacaíochta a chothú i measc dhaltaí, bhall foirne agus thuismitheoirí.
- A chinntiú go dtuigtear cad leis go bhfuil an scoil ag súil i leith iompar gach ball de phobal na scoile.

## 2. Prionsabail

Is ar mhaithe le caighdeán iompair a leagan síos a cruthaíodh an cód iompair.

Léiríonn an cód iompair na luachanna seo a leanas:

- Meas ort féin agus ar dhaoine eile
- Cineáltas agus toilteanas cuidiú le daoine eile
- Cúirtéis agus dea-bhéasaíocht
- Cothroime
- A bheith ullamh bealaí nuálacha a úsáid chun deacrachtaí agus coimhlintí a réiteach
- Maithiúnas

## Cód Iompair Scoile

Réamhrá:

Is é an meas croílár chód iompair Ghaelcholáiste Reachrann; féinmheas, comhmheas, meas ar an timpeallacht agus meas ar an nGaeilge sa seomra ranga, mórthimpeall na scoile agus ag imeachtaí scoile. Tá sé seo le sonrú síos tríd chód iompair na scoile agus is ar an bprionsabal seo a fheidhmíonn pobal uile na scoile. Creidimid mar phobal scoile go gcothaíonn sé seo atmaisféar comhoibríoch i measc na bpáirtithe uile agus go gcuireann sé seo le forbairt iomlán an dalta.

- 2.1 Beidh gach duine béasach, dea-mhúinte i leith a chéile i gcónaí.
- 2.2 Cleachtóidh gach dalta dea-iompar ionas go mbeidh spiorad oibre sa rang. Léireoidh daltaí meas ar a chéile agus ar mhúinteoirí i gcónaí. San atmaisféar seo déanfar dul chun cinn maith ar scoil agus in imeachtaí scoile.
- 2.3 Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide sa scoil agus ag imeachtaí scoile
- 2.4 Tabharfaidh gach dalta aird agus aire ar threoir an mhúinteora agus ar ábhar an ranga.
- 2.3 Ní mór do gach dalta teacht go rang leis an téacsleabhar cuí agus an trealamh ceart.
  - 2.4.1 Tá sé éigeantach go mbeidh an dialann scoile ag an dalta, ar an mbord, i ngach rang.
  - 2.4.2 Muna bhfuil an dialann ag an dalta (mar atá thuasluaite), tiocfaidh an próiseas seo i bhfeidhm:
    - Céad Uair** (In aghaidh an téarma): Baileoidh an dalta an dialann laethúil ón oide ranga ag am tionól agus déanfar an t-ábhar a phlé leis an dalta
    - Dara Uair** (In aghaidh an téarma): Baileoidh an dalta an dialann laethúil ón oide ranga ag am tionól agus déanfar an t-ábhar a phlé leis an dalta
    - Triú Uair** (In aghaidh an téarma): Baileoidh an dalta an dialann laethúil ón oide ranga ag am tionól agus cuirfear an dalta ar choinneáil siar ar feadh uair an chloig.
    - Ceathrú Uair** (In aghaidh an téarma): Rachaidh an t-oide ranga i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí leis an gcás a phlé agus cuirfear an cas ar aghaidh go dtí an Ceann Bliana.
- Is ón Oide ranga (Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach más cuí) amháin go bhfaighidh an dalta an dialann laethúil. Tá sé de dhualgas ar an dalta an dialann laethúil a thabhairt don Oide ranga sa rang tionól an lá dár gcionn agus coimeádfaidh an t-Oide ranga é mar thaifid.**

- 2.4.3. Is doiciméad scoile é an dialann scoile. Is ann a choimeádtar taifid ar iompar agus dul chun cinn leanúnach an dalta agus is é an dialann scoile an chéad chéim cumarsáide idir an scoil agus an baile. Tá cosc iomlán ar dhaltáí loitiméireacht a dhéanamh ar an dialann agus nótaí a scríobh ar a ndialann féin agus/nó ar dhialann dalta eile. Tá an dalta freagrach as an dialann a choimeád slachtmhar. Má chailltear an dialann nó má deintear loitiméireacht air beidh ar an dalta dialann nua a cheannach ar chostas €10.
- 2.4.4 Déanfaidh an t-oide ranga monatóireacht rialta ar an dialann scoile agus síneoidh sé/sí é. Iarrtar ar thuismitheoirí / chaomhnóirí an dialann a shiniú gach seachtain
- 2.5 Coimeádfar na seomraí ranga glan. Ag deireadh an lae cuirfear na cathaoireacha suas ar na boird.  
Tá cosc ar ithe nó ar ól i rith am ranga ach amháin i gcásanna eisceachtúla, m/sh; tinnis áirithe (**cuirfear seo in iúl don scoil i scríbhinn roimhré**)
- 2.6 Beidh an obair bhaile déanta ag gach dalta chomh maith agus is féidir leo de réir an sprioc ama leagtha síos agus beidh an obair bhaile ag daltaí sa rang cuí.
- 2.7 Leanfaidh na daltaí an Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta cuí atá i bhfeidhm sna hábhair éagsúla.
- 2.8 Tá cead ag daltaí dul go dtí na taisceadáin ag tús an lae, ag am sosa, ag am lóin agus ag deireadh an lae amháin.

### 3. Éadaí Scoile

- 3.1 Ní mór do gach dalta éide scoile a chaitheamh agus cuma glan slachtmhar orthu. Is bróga iomlán dubha amháin a chaitear mar chuid den éide scoile, seachas i gcásanna eisceachtúla nuair a thabharfaidh an Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach treoir ar leith do dhaltáí  
(m/sh cead bútaisí a chaitheamh le linn droch-shneachta).  
Cuirfear ‘f’ (feisteas) sa dialann muna bhfuil éide scoile ceart á chaitheamh ag dalta.
- 3.2 Tá cosc iomlán ar bhróga reatha a chaitheamh ag teacht nó ag imeacht ón scoil.
- 3.3 Caithfear bróga reatha a chaitheamh le linn imirt chluichí ag am lóin nó ag am cuí eile. Tá cochaill scoile ar fáil (roghnach) **le caitheamh le linn ranganna corpeolaíochta agus turais scoile amháin**. Níl cead ag daltaí na cochaill a chaitheamh in ionad cóta scoile seachas ar na hócáidí thuasluaite.

- 3.4 Tá caitheamh seodra teoranta go seodra discr ideach. T  cosc ioml n ar ar pholladh coirp in aon  it feice lach seachas seodra cluasa discr ideach.
- 3.5 T  caitheamh smidi  teoranta go bun s donn  adrom amh in, n  cead smidi  s ile a chaitheamh.
- 3.6 N  m r do dhalt  dath n d rtha gruaige a bheith acu le st l ghruaige a thagann le h iomh  na scoile.

#### **4. S bh ilteacht Phearsanta**

- 4.1 Spreagfar meas an dalta air/uirthi f in agus ar a s(h) bh ilteacht phearsanta.
- 4.2 Feidhmeofar de r ir pholas  m - s id substaint  na scoile. T  cosc ioml n ar dhruga  m dleathacha, ar shubstaint  baolach, ar thobac, ar dheochanna meisci la a th gaint n  a bheith ag aon dalta ar scoil, ar fhearann na scoile n  nuair at  dalta  ag freastal ar imeachta  scoile n  ag caitheamh na h ide scoile. T  cosc ioml n ar aon dalta teacht ar l ithre n na scoile n  freastal ar aon imeacht scoile faoi thionchar na substaint  thuasluaite.
- 4.3 T  an ceart ag gach dalta obair agus foghlaim i dtimpeallacht sl n s bh ilte agus saor   mhaist neacht. N  ghlacfar le hiompar m fhreagrach n  neamh – sh isialta ag aon am. Feidhmeofar de r ir pholas  frith-throma ochta na scoile.
- 4.4 T  s  de dhualgas ar thuismitheoir  / caomhn ir  an t-eolas cu  a chur ar f il don scoil (i scr bhinn) maidir le sl inte an dalta

## 5. Trealamh Pearsanta agus Timpeallacht na Scoile

- 5.1 Níl cead ag na daltaí gúthán póca, raidió póca nó aon earraí leictrónach a bheith ina seilbh i rith am scoile gan a bheith múchta. Ní ghlacann an scoil le freagracht dá leithéid.  
Má thógtar gúthán póca (le SIM)/ raidió póca nó aon earraí leictrónacha ó dhalta rachaidh an dalta i dteagmháil leis an mbaile agus beidh sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí teacht isteach chun na scoile leis an fón nó eile a bhailiú ón bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach.  
Ní choimeádfaidh údaráis na scoile fón póca nó aon earraí leictrónacha thar laethanta saoire scoile.
- 5.2 Is ón fón scoile amháin a dhéanfaidh dalta teagmháil le thuismitheoirí/caomhnóirí le linn an lae scoile.
- 5.3 Tá sé de dhualgas ar gach dalta glas a chur agus a choimeád ar a t(h)aisceadán an t-am ar fad. Ní ghlacfaidh an scoil freagracht as aon trealamh pearsanta a fhágtar timpeall na scoile gan a bheith faoi ghlas sa taisceadán nó in áit ar leith leagtha síos ag an scoil mar ba chóir. Is cuid de threalamh na scoile é an taisceadán agus tá sé de fhreagracht ar gach dalta aire a thabhairt don taisceadán, é a choimeád glan an t-am ar fad agus gan aon damáiste a dhéanamh dó.
- 5.4 Má dhéanann aon dalta damáiste do threalamh na scoile ar láithreán na scoile nó ar imeacht scoile beidh sé / sí freagrach as costas an trealaimh sin a íoc arís (a chúiteamh).
- 5.5 Tá cosc iomlán ar ghuma coganta ar láithreán na scoile.
- 5.6 Tá sé de dhualgas ar gach dalta meas a léiriú ar láithreán na scoile agus é a choimeád glan.
- 5.7 Ar mhaithe le príobháideachas agus ionracas an duine a chosaint tá cosc ar cheamaraí / fhíseáin ar fhóin póca a úsáid agus ar thaifeadadh a dhéanamh, gan cead, ar láithreán na scoile.
- 5.8 Níl cead ag aon duine i bpobal na scoile aon rud nach leis/léi a thógáil gan cead.

## 6. Tinreamh agus Poncúlacht

### Réamhrá:

‘Sé aidhm Ghaelcholáiste Reachrann ná oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chabhróidh le daltaí barr a gcumas a bhaint amach. Cothaíonn an fhealsúnacht seo féin-mhuinín agus buanna uile na ndaltaí agus ullmhaítear iad mar shaoránaigh chumasacha a bhéas ábalta feidhmiú sa saol.

Tá freastal rialta ar scoil riachtanach leis an oideachas leanúnach seo a fháil agus cuireann asláithreacht agus easpa poncúlachta rialta as go mór d’fhoghlaim an dalta. Cruthaíonn tinreamh neamhrialta fadhbanna do dhaltaí agus do mhúinteoirí. Cuireann sé as do mhúineadh agus d’fhoghlaim na ndaltaí eile nuair atá cur isteach leanúnach sa rang le dalta atá de shíor ag teacht déanach nó nach bhfuil ag freastal go rialta ar scoil.

### Tinreamh:

- 6.1 Tá sé de dhualgas ar dhaltaí freastal go rialta ar scoil. I gcás dalta a bheith as láthair ar chúis ar bith iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí cloí leis na nósanna imeachta seo a leanas;
  - 6.1.1 Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí an scoil a chur ar an eolas maidir le haon chúis neamhláithreachta (Acht Oideachais Leas 2000, Roinn 18). Caithfear é seo a dhéanamh **i scríbhinn**, maraon le haon teastas tinnis, ag miniú aon chúis neamhláithreachta agus an dalta ag filleadh ar scoil. Baileoidh an tOide Ranga an nóta/teastas agus coimeádfaidh sé/sí an taifead seo ar an gcóras tinrimh.
  - 6.1.2 I gcás dalta a bheith as láthair dhá lá nó níos mó as a chéile, iarrtar ar thuismitheoirí/caomhnóirí glaoch a chur ar an scoil le cúis na neamhláithreachta a mhíniú maraon leis an nóta nuair a fhilleann an dalta ar scoil.
  - 6.1.3 I gcás nach dtugann thuismitheoirí/caomhnóirí fógra don scoil cuirfidh an t-Oide ranga glaoch abhaile leis an asláithreacht a fhiosrú.
  - 6.1.4 I gcás neamhláithreacht rialta beidh sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí freastal ar chruinniú leis an gCeann Bliana nó an Príomhoide Tánaisteach le teacht ar réiteach ar an bhfadhb.
  - 6.1.5 I gcás nach dtagann feabhas ar thinreamh an dalta pléfean an cás leis an bPríomhoide le teacht ar réiteach ar an bhfadhb.
  - 6.1.6 Tá sé de dhualgas ar Phríomhoide/ Príomhoide Tánaisteach na scoile an tOifigeach Leasa Shóisialaigh a chur ar an eolas i scríbhinn, má chailleann dalta 20 nó níos mó lá scoile in aon scoilbhliain amháin.

## **Poncúlacht agu Fágáil Láithreán na Scoile:**

6.2 Tosaíonn an scoil le tionól ag 08:25. Ní mór do gach dalta bheith in am don scoil.

6.2.1 Tar éis don dalta bheith déanach ar scoil faoi thrí laistigh de leath théarma déanfaidh sé / sí coinneáil siar. Tugtar litir don dalta roimh ré. I gcás fadhb leanúnach iarrfar ar na tuismitheoirí coinne a dhéanamh leis an gCeann Bliana leis an gcás a phlé agus teacht ar réiteach.

6.2.2 Muna dtagann feabhas ar phoncúlacht an dalta iarrfar ar thuismitheoirí/caomhnóirí freastal ar chruinniú leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach leis an gcás a phlé agus teacht ar réiteach.

6.2.3 Níl cead ag aon dalta láithreán na scoile a fhágáil le linn an lá scoile gan cead ón Ceann Bliana/Príomhoide Tánaisteach/Príomhoide. I gcás dalta fágáil luath tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí míniú a thabhairt i scríbhinn ar an lá céanna agus tabharfaidh an dalta an nóta don Ceann Bliana/Príomhoide Tánaisteach/Príomhoide. I gcás dalta ag fágáil luath de bharr tinnis, tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/caomhnóirí an dalta a bhailiú ón scoil nó socraithe oiriúnacha a dhéanamh go mbaileofar an dalta agus na socraithe sin a chur in iúl d'údarás na scoile. Caithfidh daltaí síniú amach gach uair go bhfuil orthu an scoil a fhágáil luath.

6.2.4 Is pribhléid é go gceadófaí do shinsir na scoile dul amach ag am lóin ar choinníollacha áirithe. Tabharfar litir cheada dóibh ag tús na bliana agus caithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí an litir a shíniú.

## **7. Teacht ar an Idirlíon**

7.1 Níl cead ag aon dalta dul ar an idirlíon nó na ríomhairí a úsáid gan cead an mhúinteora agus gan feitheoireacht nó bheith sa seomra T.E gan chead.

7.2 Tá cosc iomlán ar ithe agus ól sa seomra TE.

7.3 Má thagann dalta ar aon ábhar neamhdhlíthiúil, dáinséarach, le bunús foréigeanach nó gnéasach, caithfear an múinteoir atá i gceannas a chur ar an eolas láithreach. Níl cead aon ábhar mar atá thuasluaite a íoslódáil nó teacht air arís.

## 8. Gradaim agus Smachtbhannaí

### Réamhrá:

- Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an bPolasaí Smachta agus Cód Iompair a chur i bhfeidhm.
- Tá an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach freagrach i leith iompar agus disciplín sa scoil.
- Tá an Ceann Bliana freagrach i leith iompar agus disciplín sa bhliain ghrúpa.
- Déanann an t-Oide Ranga monatóireacht ar iompar na ndaltaí sna ranganna éagsúla
- Tá an múinteoir ranga freagrach as smacht a choimeád sa seomra ranga.
- Tá siad freagrach chomh maith, i dteannta na múinteoirí eile, i leith ord agus eagar a choimeád sa scoil i gcoitinne

### Cuspóir Gradaim:

Is é príomhspríoc an chóid iompair ná dea-iompar a chothú. Creidimid go gcabhraíonn gradaim go mór an prionsabal seo a chur i gcrích tríd;

- Cultúr dearfach comhchaidrimh idir múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí a fhorbairt agus a chothú
- Atmaisféar sona scoile a chothú
- Meas ar an nGaeilge a chothú i measc phobal na scoile
- Caighdeán soiléir a thuigtear go forleathan a leagadh síos
- Daltaí a spreagadh a bheith rannpháirteach i saol na scoile agus barr a leasa a bhaint amach
- Freagracht agus féin-mhuinín a chothú i measc daltaí
- Daltaí a spreagadh iad féin a iompar ar bhealach a thacaíonn lena bhfoghlaim agus lena bhforbairt
- Cothromaíocht a léiriú do dhaltaí agus do phobal iomlán na scoile
- Béim a leagadh ar fhorbairt iomlán an dalta

### Cuspóir Smachtbhannaí:

Is é cuspóir smachtbhannaí athrú iompair a bhaint amach tré:

- Cabhrú le foghlaim na ndaltaí a bhfuil a n-iompar do-ghlactha
- Cabhrú le daltaí an tionchar a bhíonn ag a gcuid gníomhartha agus a n-iompar ar dhaoine eile a aithint
- Cabhrú le daltaí a thuiscint go bhfuil roghanna acu faoina n-iompar féin agus go mbíonn iarmhairtí ag gabháil le gach rogha
- Cabhrú le daltaí bheith freagrach as a n-iompar.

Ina theannta sin, is féidir le smachtbhanna:

- Na rialacha mar atá leagtha amach sa chód iompair a threisiú
- Fógairt do dhaltaí agus d'fhóireann na scoile go bhfuil a leas á chosaint

I gcás níos tromchúisí ina sáraítear caighdeán na scoile, is féidir go bhfuil smachtbhannaí de dhíth chun:

- Cur isteach tromchúiseach ar theagasc agus ar fhoghlaim a sheachaint
- An dalta, nó daltaí eile nó daoine fásta a choimeád slán.



8.1 Tá sé tábhachtach dul chun cinn dearfach a aithint. Seo a leanas roinnt straitéisí a úsáidfi len' é seo a chur i gcrích:

- Nótaí dearfacha sa dialann scoile
- Moladh ó bhéil sa rang ón múinteoir agus/nó údaráis na scoile
- Teastais bronnta ag deireadh gach téarma - Gradaim an Choláiste
- Aitheantas poiblí ag tionóil scoile agus sa Nuachtlitir
- Bileoga dul chun cinn
- Freagrachtaí faoi leith a bhronnadh ar na daltaí
- Turais
- Lá gan éide scoile
- Aoíchainteoir
- Pizza & DVD

8.2 Seo a leanas roinnt straitéisí / smachtbhannaí a d'fhéadfaí a úsáid má tá iompar míshásúil i gceist

- An t-ábhar a phlé leis an dalta
- Casaoid a thabhairt agus comhairle san áireamh
- Ionad suíocháin an dalta sa rang a athrú
- Tasc úsáideach a dhéanamh sa scoil
- Nóta sa dialann scoile
- Obair bhreise a thabhairt le déanamh sa bhaile
- Obair bhreise a thabhairt le déanamh i rith am lóin
- Bileog ghearáin a thabhairt don dalta (B.F. scríofa sa dialann)
- An dalta a thógáil amach as rang ar feadh tréimhse ar réamhshocrú leis an bPríomhoide
- Coinneáil Siar
- Pribhléid a chailliúint m/sh; cosc dul amach ag am lóin nó freastal ar imeachtaí scoile
- Tuarascáil
- Fionraí inmheánach
- Fionraí baile

### **8.3 Má sháraíonn dalta rialacha na scoile, tiocfaidh an próiseas seo i bhfeidhm:**

8.3.1 An t-ábhar a phlé leis an dalta agus / nó Rabhadh ó bhéil

8.3.2 Déanfar nóta sa dialann scoile mar thaifead d'iompar míshásúil.

8.3.3 Má leanann an dalta ag tabhairt trioblóide gheobhaidh sé/sí bileog ghearáin. Tá na bileog ghearáin ar chúl an dialainn scoile.

8.3.4 I gcás droch iompar/easpa oibre leanúnach is féidir leis an t-Oide Ranga/Ceann Bliana an dalta a chur ar thuarascáil.

#### **8.3.4.1 Tuarascáil:**

- Cuirfidh an t-Oide Ranga/Ceann Bliana litir abhaile do thuismitheoirí/caomhnóirí ag míniú go bhfuil an dalta ar thuarascáil agus an chúis a bhaineann leis..
- Iarrfar ar na thuismitheoirí / caomhnóirí an tuarascáil seo a shíniú gach lá.
- Coimeádfaidh an dalta an tuarascáil don tseachtain agus tabharfaidh sé/sí an tuarascáil don mhúinteoir ag tús gach ranga.
- Ag deireadh na seachtaine pléfidh an t-Oide Ranga/Ceann Bliana an tuarascáil leis an dalta.
- Coimeádfaidh an t-Oide Ranga/Ceann Bliana an tuarascáil mar thaifead ar iompar an dalta.
- I gcás dalta a chailleann tuarascáil, déanfaidh an t-Oide Ranga/Ceann Bliana iniúchadh ar an scéal agus déanfar teagmháil le thuismitheoirí/caomhnóirí leis an gcás a phlé más gá.

8.3.5 Más gá cuirfidh an t-Oide Ranga an cas os comhair an Ceann Bliana

8.3.6 Mas gá pléfidh an Ceann Bliana an chéad chéim eile leis an bPríomhoide/ Príomhoide Tánaisteach.

8.3.7 Beidh cásanna go mbainfear leas as coinneáil siar chun freagracht dalta a fheabhsú m.s. droch phoncúlacht, iompar míshásúil leanúnach, easpa obair bhaile leanúnach agus a leithéid. Tabharfar litir don dalta an lá roimh ré ar a dhéanaí. Tionólfar an coinneáil siar ar an Déardaoin taréis scoile de ghnáth. Tá sé de fhreagracht ar dhaltáí pé socraithe cuí a dhéanamh le freastal ar an gcoinneáil siar.

I gcás dalta nach bhfreastalaíonn ar an gcoinneáil siar ar an Déardaoin, cuirfear na Tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas agus déanfar socraithe go ndéanfaidh an dalta an coinneáil siar ar lá eile a shocraíonn an Ceann Bliana/ Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach leo.

## Achomhair ar an Phróiseas Disciplíne

Eachtra droch iompar  
dáiríre ag aon am

**Iompar Míshásúil**

**Idirghabháil Féideartha**



Iomardú ó bhéil

Tabharfaidh an múinteoir ranga rabhadh ó bhéil don dalta

Tagairtí san  
**Dialann Scoile**  
Smachtbhanna

Labhróidh an múinteoir leis an dalta. D'fhéadfaí tuistí a chur ar an eolas.



**Bileog Ghearáin**  
Smachtbhanna

Labhróidh an tOide Ranga leis an dalta. B.F. scríofa sa Dialann Scoile. D'fhéadfaí labhairt le tuistí



Cuirfidh an tOide Ranga an dalta ar **Thuarascáil**.  
Smachtbhanna

Labhróidh an tOide Ranga leis an dalta. Labhróidh / buailfidh an tOide Ranga / le tuistí i gcás droch iompar leanúnach Síniú tuistí gach lá.



Tiocfaidh an dalta os comhair an **Ceann Bliana**  
Smachtbhanna

Labhróidh/Buailfidh an Ceann Bliana le tuistí



Tiocfaidh an dalta os comhair an **Príomhoide/ Príomhoide Tánaisteach**  
Smachtbhanna

Buailfidh an Príomhoide/ Príomhoide Tánaisteach le tuistí



Má leanann an droch iompar d'fhéadfaí an cás a phlé ag an **mBord Bainistíochta** agus leis an **gCoiste Gairmoideachais**

Is féidir le tuistí / caomhnóirí agus/nó dalta coinne a lorg le ball foirne / Príomhoide Tánaisteach / Príomhoide /Ceann Bliana ag aon chéim

## **9. Daltaí le Riachtanais speisialta Oideachais:**

Beidh múinteoirí airdeallach agus cuideoidh siad leis an mac léinn le riachtanais speisialta aidhm an smachtbhanna a thuiscint go soiléir agus an fáth a bhfuil a n-iompar do-ghlactha.

## **10. Rólanna / Freagrachtaí na bPáirtithe Éagsúla:**

Rólanna / Freagrachtaí Múinteoirí agus Bainistíocht na Scoile

Tá gach múinteoir ranga freagrach as a rang f(h)éin agus tá sé de fhreagracht air/uirthi smacht a choimeád sa rang sin agus a chinntiú go bhfuil a gcur chuige ceart, cothrom agus cóir.

Déanfaidh múinteoirí agus bainisteoirí na scoile gach iarracht a chinntiú go gcothófar dea-iompar agus go bhfuil a gcur chuige ceart, cothrom agus cóir.

Déanfaidh múinteoirí agus bainisteoirí na scoile gach iarracht caidreamh bunaithe ar chomh-mheas idir dhaltaí, tuistí/caomhnóirí agus fhoireann iomlán an choláiste a chothú agus a fhorbairt

Déanfaidh múinteoirí agus bainisteoirí na scoile gradaim a bhronnadh ar dhaltaí d'iompar dearfach agus dul chun cinn i gcoitinne

Bainfidh múinteoirí agus bainisteoirí na scoile leas as smachtbhannaí atá éifeachtach, cothrom agus cuiditheach.

Bainfidh múinteoirí na scoile leas as módhanna múinteoireachta ilghnéitheacha a chabhróidh le gach dalta a mbuaic a shroichint

Tabharfaidh múinteoirí agus bainisteoirí na scoile tacaíocht do na daltaí trí chóras éifeachtach tréadchúraim agus tríd an clár 'Oideachais' Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte' a chur i bhfeidhm

## **Rólanna agus Freagrachtaí Tuismitheoirí / Caomhnóirí na Scoile**

Is iad na tuismitheoirí / caomhnóirí agus na múinteoirí na daoine fásta tromchiallacha i saol an dalta scoile. Spreagfaidh tuismitheoirí /caomhnóirí iompar dearfach trí;

Caidreamh bunaithe ar chomhmheas idir dhaltaí, tuistí/caomhnóirí agus fhoireann iomlán an choláiste a chothú agus a fhorbairt

Tacaíocht a thabhairt don scoil agus a bpáistí a ghríosú le hardcaighdeán a léiriú i gcónaí i ngach gné de shaol na scoile

An scoil a chur ar an eolas má tá aon ní a chuirfidh isteach ar dhul chun cinn a bpáiste

Aiseolas a thabhairt don scoil maidir le polasaithe. Cuirfidh na tuismitheoirí / caomhnóirí a dtuairimí in iúl do Chumann na dTuismitheoirí

## **Rólanna agus Freagrachtaí Daltaí na Scoile**

Tá an dalta mar chroílár na scoile. Tá sé / sí freagrach as a chuid iompar féin agus táthar ag súil go mbeidh an iompar sin dearfach agus comhoibríoch i gcónaí. Tá sé de dhualgas ar na daltaí:

- An Ghaeilge a labhairt i gcónaí.
- Meas a léiriú ar a chéile, ar an bhfoireann iomlán agus ar chuiditheoirí, i gcónaí
- Atmaisféar dearfach foghlamtha a chruthú sa rang
- Obair chomh dian agus gur féidir leo leis an t-oideachas is fearr gur féidir leo a bhaint amach.
- Sábháilteacht daoine eile a chur chun tosaigh i gcónaí
- Meas a léiriú ar threalamh dhaoine eile agus ar thimpeallacht na scoile
- Tacaíocht a thabhairt do Chomhairle na nDaltaí mar structúir cumarsáide na ndaltaí
- An duine cuí a chur ar an eolas má tá rud ar bith ag cur isteach orthu
- An scoil agus timpeallacht na scoile a choimeád glan agus néata.

## 11. Fionraí

### Saimhínítear fionraí mar seo a leanas:

‘é a cheangal ar an mac léinn a bheith as láthair ón scoil ar feadh tréimhse shonraithe theoranta de laethanta scoile’ (Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna, An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, 2008)  
Le linn tréimhse ar fionraí, coinníonn an mac léinn a (h)áit sa scoil.

#### 11.1 Na cúiseanna le haghaidh fionraí:

Ba chóir go mbeadh fionraí mar fhreagra comhréireach ar iompar is cúis imní. De ghnáth, déanfar iarracht tabhairt faoi idirghabháil eile roimh fhionraí, agus athbhreithneoidh bainistíocht na scoile na fáthanna nach raibh ag éirí leis an idirghabháil sin. Éilítear sa chinnteoireacht go mbeadh cúiseanna thromchúiseacha ann chun an mac léinn a chur ar fionraí- mar shampla;

- Go raibh tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- Go bhfuil bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huair
- Go bhfuil an mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do threallamh (pearsanta, scoile nó eile)

Féadfaidh mí-iompar tromchúiseach amháin a bheith ina chúis le duine a chur ar fionraí.

#### 11.2 Fionraí mar chuid de phlean bainistíochta iompair:

Ba chóir d’fhionraí bheith mar chuid de phlean chun dul i ngleic le hiompar an dalta. Ba chóir don fhionraí:

- Cuidiú leis an scoil spriocanna iompair a chur ar bun leis and dalta agus lena t(h)uismitheoirí/caomhnóirí
- Deis a thabhairt do bhainistíocht na scoile idirghabháil eile a phleanáil
- Tromchúis an iompair a chur ina luí ar an dalta agus ar a t(h)uismitheoirí/caomhnóirí

#### 11.3 Nósanna imeachta i ndáil le fionraí:

Nuair a dhearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí gur tharla mí-iompar tromchúiseach a bhféadfaí fionraí a ghearradh dá bharr, cuirfidh bainistíocht na scoile na nósanna imeachta seo a leanas i gcrích:

- An dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán
- An deis a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí agus don dalta freagra a thabhairt

#### 11.4 An Fhionraí a chur i ngníomh

Seo a leanas an próiseas a thiocfaidh i bhfeidhm nuair a dhéanann Bainistíocht na Scoile cinneadh dalta a chur ar fionraí; (An tAcht Oideachais Leas 2000, Roinn 23 (2));

Fógra i scríbhinn: Cuirfear litir abhaile agus cuirfear Bord Bainistíochta an Choláiste ar an eolas.

Caithfidh an litir na nithe seo a leanas a dhearbú:

- Tréimhse na fionraí agus na dátaí ar a dtosóidh agus ar a gcríochnóidh an fhionraí
- Fáthanna na fionraí
- Clár staidéar ar bith le leanúint
- Socraithe ar fhilleadh ar scoil, agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an dalta agus na tuismitheoirí/caomhnóirí a thabhairt
- Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta

Is féidir uasleas a bhaint as an deis plé a bheith ann idir an Priomhoide nó ball eile de bhainistíocht na scoile agus na tuismitheoirí/caomhnóirí agus béim a leagan ar an bhfreagracht cabhrú leis an dalta iad féin a iompar go maith ar fhilleadh chun na scoile dóibh agus treoir a thairiscint dóibh maidir leis seo.

I gcás go ndiúltaíonn na tuismitheoirí bualadh leis an Priomhoide, beidh an fógra scríofa ina fhógra go bhfuil fionraí á ghearradh.

#### 11.5 I ndiaidh na fionraí

Cuirfear deireadh le fionraí ar an dáta a luadh i litir fhoirmiúil fógra do na tuismitheoirí/caomhnóirí faoin bhfionraí

Leagfar síos coinníollacha le sású ag an dalta roimh athfhreastail ar ranganna i ndiaidh fionraí.

#### 11.6 Achomhairc

Ag an am a mbíonn fionraí á cur in iúl do na tuismitheoirí, caithfear insint dóibh agus don dalta faoina gceart achomhairc don Choiste Gairmoideachais, faoin alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* agus caithfear eolas a thabhairt ar an gcaoi chun achomharc a dhéanamh. I gcásanna ina dteipeann ar an achomharc don Choiste Gairmoideachais, is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí (nó dalta os cionn 18 mbliana d'aois) achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.



### 12.1 Na cúiseanna le haghaidh díbeartha:

Beidh díbirt ina fhreagra comhréireach ar iompar an mhic léinn. Is céim olltromchúiseach é díbirt agus ceann a chaithfidh an Bord Bainistíochta a ghlacadh i gcásanna tromchúiseacha iompair. Cuirfidh an scoil bearta suntasacha i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí;

- Bualadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus leis an dalta le hiarracht a dhéanamh bealaí a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú
- A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé/sí ar aghaidh
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chfóradh
- Cabhair a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochta

Éilíonn moladh chun mac léinn a dhíbirt cúiseanna thromchúiseacha, mar shampla:

- Go mbíonn tionchar díobhálach buan seasmhach ag iompar an dalta ar oideachas na ndaltaí eile
- Go bhfuil fíorbhagairt shuntasach ann do shábháilteacht na ndaltaí eile nó na ndaoine eile fad is a bhíonn an dalta sa scoil
- Go bhfuil an dalta freagrach as damáiste tromchúiseach do threallamh (pearsanta, scoile nó eile).

#### 12.1.2 Díbirt do chéad chion

Is féidir go mbeadh cúinsí eisceachtúla ann ina mbíonn an Bord Bainistíochta den tuairim go gcaithfear an dalta a dhíbirt do chéad chion. Seo a leanas na cásanna ina mbeadh sin amhlaidh- is é sin gan an mac léinn ach a bheith tar éis an cód a shárú uair amháin:

- Bagairt thromchúiseach foréigin in aghaidh dalta eile nó baill foirne
- Foréigean nó ionsaí fisiciúil
- Ag soláthar drugaí mídhleathacha do dhaltaí eile sa scoil
- Ionsaí gnéasach

## 12.2

Nósann imeachta i ndáil le díbirt

Éilítear ar scoileanna de réir an dlí le gnáthaimh chóra arna leagan síos faoin *Acht Oideachais (Leas), 2000*, nuair atá sé beartaithe dalta a dhíbirt ón scoil.

Tá dhá phríomhchuid ann i ngnáthaimh chóra:

- An ceart go n-éistfí leat
- An ceart go mbeifí neamhchlaonta i do leith

I gcás go ndearbhaíonn réamh-mheasúnú ar na fíricí go bhféadfaí dalta a dhíbirt de bharr a n-iompair, d'áireodh na céimeanna gnásúla seo a leanas:

- Inscrúdú sonrach faoi stiúir an Phríomhoide
- Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta
- Breithniú an Bhoird Bhainistíochta ar mholadh an Phríomhoide, agus éisteacht a reachtáil.
- Breithniúcháin an Bhoird Bhainistíochta agus bearta i ndiaidh na héisteachta
- Comhairliúcháin arna n-eagrú ag an Oifeagach Leasa Oideachais
- Dearbhú ar an gcinneadh an mac léinn a dhíbirt

**Is don Bhord Bainistíochta é cinneadh a dhéanamh cad iad na tascanna sna céimeanna gnásúla seo a mbeadh gá cruinnithe ar leith a bheith ann dóibh agus cad iad na tascanna a bhféadfaí iad a chur i gcrích i gcrúinniú amháin, i gcomhreir le fógra cuí a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí agus am cóir réasúnta a thabhairt d'éisteacht Boird.**

## 12.3 Achomhairc

Is féidir le thuismitheoir/caomhnóir nó dalta atá níos sine ná ocht mbliana déag d'aois, achomhairc a dhéanamh ar an gcinneadh don Choiste Gairmoideachais. I gcásann ina gcuirtear achomharc don Choiste Gairmoideachais i gcrích, is féidir le thuismitheoirí/caomhnóirí nó dalta atá níos sine ná ocht mbliana déag d'aois, dul ar aghaidh agus achomharc a dhéanamh le hArd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

An Próiseas achomhairc

Tosaíonn an próiseas faoi alt 29 den *Acht Oideachais, 1998* le hidirghabháil á soláthar ag idirghabhálaí ceaptha ag an gCoiste Achomhairc (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta). Le tuilleadh eolais a fhail faoin bPróiseas Achomharc, agus raichtanais le haghaidh doiciméadúcháin agus na céimeanna sa phróiseas, féach treorú reatha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

### **13. Critéir Rathúlachta:**

Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí seo éifeachtach ;

- Má tá atmaisféar dearfach oscailte sa scoil
- Má tá comhmheas le brath agus le sonrú i saol na scoile
- Má tá ord agus eagar ar chúrsaí smachta sa scoil
- Má léiríonn gach páirtí eolas agus tuiscint ar an bPolasaí thuasluaite.

### **14. Monatóireacht:**

Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí ag Bainistíocht an Scoile.

### **15. Athbhreithniú:**

Déanfaidh an Coiste Athbhreithnithe athbhreithniú ar bhonn rialta ar an gCód Iompair agus seolfar ar aghaidh chuig an Bord Bainistíochta é le moltaí a fháil agus len' é a fhaobhadh.

Ina theannta seo fáilteofar roimh inchur ó mhúinteoirí, thuismitheoirí / chaomhnóirí, ó dhaltáí agus ó pháirtithe éagsúla.

# GAELCHOLÁISTE REACHRANN

## POLASÁÍ SMACHTA AGUS CÓD IOMPAR

Tá an polasaí thuasluaite léite go cúramach agam agus tá mé sásta glacadh leis agus é a chomhlíonadh.

Siniú an Dalta: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

Bliain: \_\_\_\_\_

Mar Thuismitheoirí / Caomhnóirí, tá an Polasaí thuasluaite léite againn go cúramach agus táimid sásta glacadh leis

Siniú: \_\_\_\_\_

Siniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_